Global
**Online Safety Regulators**
Network

# Ráiteas ar Staid

## Comhleanúnachas agus comhordú rialála: ról Líonra na Rialálaithe Domhanda um Shábháilteacht ar Líne

## Réamhrá

Seoladh Líonra na Rialálaithe Domhanda um Shábháilteacht ar Líne ('an Líonra') i mí na Samhna 2022 agus is é an chéad fhóram tiomnaithe do rialálaithe neamhspleácha um shábháilteacht ar líne ar fud an domhain. Leis an Líonra, cuirtear ar chumas rialálaithe taithí, saineolas agus fianaise a roinnt, chun an bealach a réiteach le haghaidh cur chuige comhleanúnach idirnáisiúnta maidir le rialáil na sábháilteachta ar líne.

Leis an ráiteas seo, cuirtear comhthiomantas an Líonra maidir le comhleanúnachas agus comhordú rialála in iúl – an fáth a bhfuil tosaíocht á tabhairt againn dó agus na deischostais a bheadh i gceist mura ndéanaimid amhlaidh. Leagtar amach ann na réimsí beartais a ndíreoimid orthu agus na seifteanna a úsáidfimid chun muid a threorú san obair seo. Ar dtús, díreoimid ar uirlisí agus teanga choiteann a fhorbairt agus ar léargas rialála a roinnt, chomh maith le ráitis phoiblí maidir le príomhcheisteanna beartais dhomhanda a eisiúint ina gcuirfeadh dearcadh an rialálaí leis an bplé idirnáisiúnta.

## An fáth a bhfuil tosaíocht á tabhairt againn do chomhleanúnachas

Ar an gcéad dul síos, cé go bhfuil ár gcreat rialála intíre féin ag gach duine againn, tuigimid nach bhfuil an baol a bhíonn ann do dhaoine ar líne, ná na seirbhísí ar líne a úsáideann siad, teoranta do theorainneacha náisiúnta nó ilchríochacha. Dá réir sin, tá sé tábhachtach go n-aithnítear sin inár gcur chuige rialála. Toisc go gceanglaítear anois ar sholáthraithe seirbhíse domhanda cloí le reachtaíocht sábháilteachta ar líne i go leor dlínsí, méadaítear an fhéidearthacht go ndéanfaí ilroinnt rialála trasteorann, rud a d'fhéadfadh dúshláin chomhlíontachta agus costais a chruthú do chuideachtaí. Trí chomhleanúnachas rialála a chleachtadh, is féidir linn a chinntiú nach stopann sábháilteacht ar líne d'úsáideoirí idirlín inár dtíortha féin 'ag an teorainn' agus gur féidir le cuideachtaí leas a bhaint as comhlíontacht barainneachta scála agus deimhneacht dhlíthiúil.

Ar an dara dul síos, má rialáiltear tionscal domhanda a bhfuil scála mór, cumhacht agus acmhainní fabhraithe aige, cruthaítear dúshláin do thíortha aonair. Le comhordú rialála idirnáisiúnta, is féidir linn comhthionchar a fheidhmiú chun na torthaí sábháilteachta a leagtar amach inár rialacha sábháilteachta ar líne faoi seach a bhaint amach.

Ar an tríú dul síos, tá gach duine againn ag dul i ngleic le ceisteanna dúshlánacha beartais

agus ag bunú cleachtais rialála d'earnáil atá ag athrú go leanúnach, ó thaobh na teicneolaíochta agus na tráchtála de araon. Tá na huirlisí rialála atá á gcur i bhfeidhm againn (e.g. measúnuithe riosca, maoluithe sábháilteachta) úrnua, mar aon leis na samhlacha gnó agus na teicneolaíochtaí a bhfuilimid á gcur i bhfeidhm orthu. Trí oibriú le chéile chun ár gcumas agus ár gcur chuige rialála a fhorbairt, tá seans níos fearr againn a bheith ar an eolas faoi fhorbairtí tábhachtacha agus ár gcórais faoi seach a chur chun feidhme go héifeachtach.

Sa deireadh, dearbhaíonn an Líonra a sheasamh go dtacaítear le héiceachóras digiteach atá oscailte, inrochtana agus níos sábháilte trí chomhleanúnachas agus comhordú rialála, lena gcosnaítear úsáideoirí ó dhíobhálacha ar líne agus lena gcosnaítear cearta bunúsacha an duine.

## Réimsí i gcoiteann a aimsiú i measc éagsúlacht dhomhanda

Cuimsítear leis an Líonra réimse éagsúil rialálaithe, gach ceann acu ag obair faoi shainchúraimí reachtúla atá bunaithe ar thraidisiúin rialaitheacha agus dlíthiúla éagsúla, agus laistigh de chomhthéacsanna agus noirm pholaitiúla agus chultúrtha éagsúla. In ainneoin na ndifríochtaí seo, tá ár gcreataí agus ár sainorduithe rialála faoi seach comhchosúil ar roinnt bealaí tábhachtacha. An cur chuige a bheidh againn ná cumhacht chomhordaithe an Líonra a úsáid chun comhleanúnachas níos fearr a spreagadh i gcur chuige rialála thar réimsí comhchosúla, agus an méid a foghlaimíodh a roinnt lena chéile i gcásanna ina mbíonn réimsí difríochta.

Mar shampla, tá ár rialacha sábháilteachta ar líne cosúil lena chéile ó thaobh a dtorthaí beartaithe. Tá sé d’aidhm ag gach duine againn díobhálacha ar líne a théann i bhfeidhm ar an duine agus ar phobail a chosc agus freagairt dóibh. D’fhéadfadh na díobhálacha sin tarlú trí ardáin dhigiteacha a bheith á n-úsáid ag drochghníomhartha, nó trí dhearaidh táirgí nó seirbhíse arna roghnú ag cuideachtaí gan cuimhneamh ar shábháilteacht trí dhearadh nó prionsabail chearta an duine.

Tá méid áirithe comhchosúlachta ann freisin trasna na gcineálacha uirlisí rialála a úsáidimid (e.g., meicníochtaí gearán, tuairisciú trédhearcachta, cóid iompair, measúnuithe riosca); na cineálacha faisnéise a thugann eolas dár gcuid oibre (e.g., méadracht a thomhaiseann treochtaí nó tionchar beart sábháilteachta, sonraí gearán, litríocht acadúil); agus na cuir chuige rialála a ghlacaimid (e.g., comhar leanúnach le seirbhísí rialálaithe, comhairliúchán).

Ina theannta sin, léirítear tiomantas do chearta an duine, don daonlathas agus don smacht

reachta, chomh maith le neamhspleáchas polaitiúil agus tráchtála, mar bhonn taca le gníomhaíocht gach rialálaí.

Mar sin féin, tá difríocht idir ár rialacha féin ar bhealaí áirithe, atá le feiceáil sa tábla thíos. Anseo, is féidir leis an Líonra ceachtanna a foghlaimíodh a thairiscint le himeacht ama maidir leis na torthaí a thagann ó chuir chuige éagsúla, agus é d'aidhm aige eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais amach anseo.

Léirítear sa tábla seo a leanas roinnt de na cosúlachtaí agus na difríochtaí i sainchúraimí rialála chomhaltaí reatha an Líonra:

| Regulatory remits and functions | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Jurisdiction | Ex ante regulation | User complaints and investigations | | | | | Information gathering and enforcement | | | Prevention research and engagement | | | |
| | Develop and enforce codes, standards, and guidance | Proactive content scanning | Receive and investigate individual user complaints | Issue content removal and blocking notices | Partnership with law enforcement and hotline networks | Service blocking or restriction orders (e.g., service, access, or payment blocking orders) | Oversight and transparency | Non-compliance notices and financial penalties | Court orders and injunctions | Education and awareness raising | Grants | Research and horizon scanning | Industry engagement |
| Australia (eSafety) | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Fiji (OSC) | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ |
| France (Arcom) | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Ireland (An Coimisiún) | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Republic of Korea (KCSC) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| South Africa (FPB) | ✓* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ |
| United Kingdom (Ofcom) | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

**Tá an fhaisnéis a gabhadh léiritheach agus neamh-uileghabhálach, agus léirítear léi comhthéacsanna rialála tráth an dréachtaithe (Aibreán, 2024)*

## Cuir chuige rialála chomhchoiteanna a fhorbairt

Trí na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí inár sainchúraimí rialála a mhapáil, d'aithin an Líonra deiseanna i réimsí éagsúla chun comhleanúnachas a bhaint amach idir ár gcórais faoi seach. Áirítear an méid seo a leanas leis sin:

- **Uirlisí rialála** amhail measúnú riosca agus tuairisciú trédhearcachta. Roinnfimid ár gcur chuige maidir le modheolaíochtaí agus cleachtais mheastóireachta chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil ár n-uirlisí rialála faoi seach go maith, agus oibreoimid chun

méadracht choiteann a fhorbairt chun éagsúlachtaí gan údar eatarthu a laghdú. Mar shampla, cé go bhféadfadh ceanglais measúnaithe riosca na ndlínsí a bheith difriúil, tá deis ann comhsheasmhacht sa mhodheolaíocht measúnaithe riosca a fheabhsú chun comhlíontacht a chuíchóiriú.

- Feidhmeanna **gearán úsáideoirí**, agus córais ghaolmhara (e.g., rochtain taighdeoirí ar mheicníochtaí sonraí; cláir comharthóirí iontaofa) a chuireann ar ár gcumas fianaise agus eolas a bhailiú. Roinnfidh an méid againn a bhailíonn gearáin ó úsáideoirí ár dtaithí agus ár gcuid fianaise chun cabhrú le treochtaí i gcineál agus leitheadúlacht na ndíobhálacha ar líne ar fud na réigiún agus i gcleachtais agus torthaí comhlíontachta a aithint agus a chur i gcomparáid.

- **Iarratais ar fhaisnéis don tionscal.** Fiosróimid deiseanna chun comhordú a dhéanamh maidir leis na cineálacha ceisteanna a chuirfimid ar an tionscal mar chuid dár ngníomhaíochtaí rialála, lena n-áirítear maoirseacht agus comhlíontacht, chun cabhrú leis an ualach comhlíontachta ar ardáin a laghdú agus sonraí domhanda níos inchomparáide a chur ar fáil a dhéanann eolas níos fearr dár n-anailís treochtaí.

- **Bearta sábháilteachta.** Bainfimid leas as ár dtaithí ar dhea-chleachtas, chun sraith choiteann céimeanna réasúnta a shainaithint is féidir le seirbhísí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar dhíobhálacha sonracha agus ar thosca riosca. Mar shampla, d’fhéadfaimis féachaint le staidéar a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le próisis láimhseála gearán a bheith éifeachtach agus so-úsáidte agus ar an gcineál uirlisí cumasaithe úsáideoirí a chuireann feabhas inbhraite ar eispéiris ar líne daoine.

Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, is iad tosaíochtaí an Líonra ár n-iarrachtaí comhordaithe agus comhleanúnachais a dhíriú go sonrach ar ár gcur chuige agus ár gcur chun feidhme rialála.

Tá súil againn freisin comhordú a bhaint amach i réimsí eile san fhadtéarma. Mar shampla, i gcás ina gceadaítear do chomhaltaí faoinár gcreataí dlíthiúla faoi seach gearáin ó úsáideoirí aonair a fháil agus gníomhú ina leith, cinntítear le comhordú agus comhroinnt faisnéise gur féidir leo cabhair níos fearr a thabhairt do dhaoine aonair i gcásanna a bhfuil nasc idirnáisiúnta i gceist, mar shampla i gcás ina mbíonn an duine a ndéantar díobháil dó in aon tír amháin, an duine atá ag déanamh díobhála don duine sin i dtír eile, agus sainchónaí ar an ardán atá i gceist i dtríú tír. Go deimhin, i gcás ina bhfuil baol díobhála trasteorann ann nó i gcás ina bhfuil cásanna de neamhchomhlíontacht chórasach trasna na ndlínsí, d’fhéadfadh an Líonra smaoineamh ar oibriú níos dlúithe ar imscrúduithe agus ar ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin.

# Gníomhaíochtaí an Líonra chun comhordú agus comhleanúnachas a bhaint amach

D'fhorbair an Líonra a chéad sruthanna oibre ina ndírítear ar chomhordú agus comhleanúnachas rialála a chur chun cinn i measc na gcomhaltaí. Áirítear an méid seo a leanas leis sin:

- **Ár gclár breathnóireachta:** Leis seo, cuíchóirítear agus comhordaítear teagmháil dhíreach idir rialálaithe agus an pobal sábháilteachta ar líne d'ilpháirtithe leasmhara. Leis an gclár, cuirtear ar chumas rialálaithe tarraingt ar thaighde, saineolas agus tionchar breathnóirí chun ár gcuid oibre a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil sé ábhartha go domhanda, agus cuirtear ar chumas eagraíochtaí breathnóirí ón tsochaí shibhialta, ón saol acadúil agus ón rialtas tairbhe a dhéanamh dár n-iarrachtaí cur chuige rialála comhleanúnach a fhorbairt.

- **Meithleacha:** Leo seo, tagann comhaltaí agus breathnóirí le chéile chun plé agus comhoibriú a dhéanamh ar shaincheisteanna sonracha maidir le rialáil sábháilteachta ar líne, amhail dearbhú aoise agus intleacht shaorga ghiniúnach (tríd an Meitheal Teicneolaíochta), agus dea-chleachtais maidir leis na meáin agus litearthacht dhigiteach agus oideachas sábháilteachta ar líne (tríd an Meitheal Oideachais agus Feasachta).

- **Idirphlé rialálaithe:** Tugann ár gcruinnithe rialta le rialálaithe amháin deis do chomhaltaí taighde, taithí agus ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt, lena n-áirítear faisnéis maidir le treochtaí ar líne a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh agus an taithí atá againn ar sheirbhísí rialálaithe a úsáid. Leis na malartuithe sin, tacaítear le comhbhonn fianaise a fhorbairt dár gcuid oibre agus cuirtear ar chumas comhaltaí plé go héifeachtach leis an tionscal.

# Ag obair le daoine eile chun comhleanúnachas a chur chun cinn

Aithnímid nach féidir leis an Líonra comhleanúnachas rialála a bhaint amach ná na rioscaí a bhaineann le hilroinnt a mhaolú thar oíche, nó go deimhin ina aonar. Sa chomhthéacs sin, tá sé beartaithe againn oibriú go dlúth leis an bpobal sábháilteachta ar líne níos leithne ar fud an domhain chun dea-chleachtais agus ceachtanna a chur chun tosaigh thar réigiúin agus comhthéacsanna, agus tacú le hiarrachtaí institiúidí agus tionscnamh eile a fhéachann le comhleanúnachas rialála domhanda a chur chun cinn.

Leis na prionsabail agus na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa ráiteas seo, tá súil ag an Líonra tacú le gach comhalta chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus a chumhachtaí a fheidhmiú, ligean do chomhaltaí agus breathnóirí leas a bhaint as saineolas piaraí agus dea-chleachtas, agus forbairt tírdhreach rialála idirnáisiúnta a chinntiú lena gcuirtear soiléireacht agus comhleanúnachas ar fáil, le haghaidh éiceachóras digiteach domhanda níos sábháilte.

---

**Déan teagmháil leis an gCathaoirleach reatha:**

ofcom.international@ofcom.org.uk | www.ofcom.org.uk/about-ofcom/international/online-safety/gosrn

Aibreán 2024